Fios Foghlama- Cor Poist ón nGaelAonad bunscoile do Mhárta 2025

A chairde,
Bíonn Mí na Márta an-ghnóthach ar scoil le ceiliúradh éagsúla- táimid ag súil go mór le Lá Fhéile Pádraig ar an 17 Márta agus dar ndóigh an fhéile Ghaeilge is mó in Éirinn, Seachtain na Gaeilge ó 1-17 Márta.

Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an gcéiluradh,
Ó Fhoireann Bhunscoile an GhaelAonaid

Seachtain na Gaeilge 1-17 Marta 2025

Tá seachtain na Gaeilge faoi lán seoil anois, is féile idirnáisiúnta Ghaeilge í Seachtain na Gaeilge atá ar an gceiliúradh is mó dár dteanga agus dár gcultúr dúchais a bhíonn ar siúl in Éirinn agus i go leor tíortha eile ar fud na cruinne go bliantúil.
Tá neart smaointe agus acmhainní ar fáil do scoileanna ar www.snag.ie. Féach ar leabhar na Scoileanna 2025 anseo nó ar Padlet Máire Nic an Rí https://padlet.com/maire8 tá Padlet aici atá dírithe go speisialta ar Lá Fhéile Pádraig & Seachtain na Gaeilge
Beidh turais as Gaeilge ar siúl i láithreacha éagsúla de chuid Oifig na nOibreacha poiblí. Tuilleadh eolais www.heritageireland.ie
Tá imeachtaí á reáchtáil ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann as Gaeilge chomh maith. Tuilleadh eolais Seachtain na Gaeilge 2025 | National Library of Ireland

Lá Fhéile Pádraig 17 Márta

Déanaimid Lá Fhéile Pádraig a cheiliúradh ar an 17 Márta. Is saoire phoiblí é Lá Fhéile Pádraig in Éirinn, a dhéanann comóradh ar Naomh Pádraig éarlamh na hÉireann. Spreag do chlann agus do chomharsan le Gaeilge a labhairt. Labhair Gaeilge ag an mbricfeasta, lón, agus dinnéar. Déan póstaer 'Beannachtaí na Féile Pádraig oraibh!' agus croch i bhfuinneog an tí é. Neart acmhainní ar fáil anseo Lá Fhéile Pádraig ☘️🔥 | Gaeloideachas

'Cé hé Naomh Pádraig?' tá na freagraí ar fad ag Gaelscoil Chaladh an Treoraigh ar Cula4 ar Scoil https://youtu.be/Hj7YsGM-zdo?si=_P0SlHrshFduKhhB agus déan cárta do Lá le Pádraig in éineacht le Dara https://youtu.be/414AbuO5e6c

Cúrsaí aimsire arís...laethanta na Bó Riabhaí


An Sean Riabac nó Laetanta na bó Riabaiṫe.
Fadó is ar an t-aonaḋ lá deug de Aibreán a bíoḋ deire le Mí na Márta. An Sean Márta a tugaḋ air. Tug an Sean bó trí léim le h-áṫas nuair a bí Márta tart mar ṡíl sí go raibh deireaḋ leis an aimsir dona. D'iarr Márta trí lá ar Aibreán is tug Aibreán dá lá deug dí. Bí na trí lá an-ċruaḋ is marbuiġ an sean bó. Tug-tar an Sean Riabac ar na laeṫa ó ṡoin i leiṫ.

'Is minic nach féidir brath ar an aimsir ag an tráth seo den bhliain agus is léir ó na scéalta i mBailiúchán na Scol ar Dúchas.ie gurbh in mar a bhí riamh. Tugtar Laethanta na Bó Riabhaí ar laethanta deiridh mhí an Mhárta agus ar laethanta tosaigh mhí Aibreáin.' Féach ar an alt seo ó gaois.ie Laethanta na Bó Riabhaí | Grúpa taighde Gaois

Samhlacha na míosa

Chomh mear le míol Márta
Chomh haerach le meannán míosa
Chomh mín le síoda
Chomh crua le cloch
Comh garbh le coirt crann darach
Chomh héadrom le cleite
Chomh héasca le gealbhan
Chomh díreach le slis
Chomh caol le cú
Chomh leathan leis an bhfarraige
Chomh slíocach le cóta fionnaidh
Chomh coilgneach le gráinneog
Chomh te le leaca ifrinn
Chomh fuar leis an éag
Chomh glan le fíoruisce
Chomh brocach le fail muice
Chomh tirim le deannach nó gaineamh
Chomh fliuch le hiasc

Tionscadal 'FÍS Film Project'

Comhghairdeas le Gaelscoil Riabhach agus Gaelscoil Shlí Dála a bhuaigh duaiseanna i gcomórtas FÍS i mbliana. Gabhaimid comhghairdeas leis na scoileanna lán-ghaeilge a gach páirt agus le gach scoil a roghnaíodh i measc na mbuaiteoirí. B'fhéidir gur mhaith leat smaoineamh faoi don todhchaí? Tá tuilleadh eolais: www.físfilmproject.ie

Creathanna Talún- Gaelscoil Riabhach https://youtu.be/4Fhrrzjfm-U?si=acYAUPu_ZPYTa-89

An Beacán Draíochta- Gaelscoil Shlí Dála https://youtu.be/kuWI5Dckby8?si=fUfHlq_SDk-fIlh1

Acmhainn na Míosa: Na Weatherbies

Gach ní faoin aimsir agus aeráid! Físeáin, leabhair agus bileoga oibre i nGaeilge ó na Weatherbies
https://www.theweatherbies.co.uk/na-weatherbies-gaeilge.html

M.Oid san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Coláiste na Tríonóide, BÁC.

Is do cheannairí agus do mhúinteoirí mhúinteoirí i suíomhanna scoile lán-Ghaeilge agus Gaeltachta an cúrsa seo, bídís ina múinteoirí nó ina gceannairí bunscoile nó iar-bhunscoile. Tugann an cúrsa an deis do rannpháirtithe ardchaighdeán feabhais a bhaint amach ina gcleachtais oideachais agus ina n-inniúlacht teanga.
Tá an córas iarratais ar oscailt anois M Oid san Oideachas Lan-Ghaeilge agus Gaeltachta - School of Education | Trinity College Dublin

Físeáin Nua ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

Tá físeáin nua do scoileanna T1 ar fáil in Uirlisí Úsáide Teanga na Bunscoile.
Sna ranganna sóisearacha léirítear 'Gníomhaíochtaí Luathléitheoireachta agus Cur Chuige Spraíúil' agus sna ranganna sinsearacha léirítear 'Saibhreas Teanga agus Gramadach i gComhthéacs' agus 'Struchtúr Abairte'.
Samplaí d'Fhoghlaim Teanga na bPáistí | Curriculum Online

Podchraoladh Bunscoile ón CNCM

Ar an eipeasóid seo, pléitear ról mhuinín an mhúinteora. Labhraítear le Dr. Ciara Uí Chonduibh (Príomhoide) agus Órlaith Ní Fhoghlú (Múinteoir) faoin gcaoi ar fhás agus ar athraigh a muinín le linn a ngairmeacha beatha, faoina gcumas gníomhúcháin múinteoirí agus conas athrú curaclaim a bhainistiú sna blianta amach romhainn.
https://open.spotify.com/episode/2W71qGGcyUCQcTtPeCvhVg?si=esyPLI_6Ru6eCd27GRvAWw



Áis nua: An Ghaeilge do Gach Duine:

Claire Dunne agus Sylvaine Ní Aogáin

Tugtar treoir sa lámhleabhar seo maidir leis an Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim chun gach páiste a chur san áireamh san oideachas. Tá plé ar an úsáid is féidir a bhaint as an Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim i gcomhthéacs mhúineadh agus fhoghlaim na Gaeilge, chomh maith le smaointe chun gníomhaíochtaí Gaeilge a chur in oiriúint do réimse leathan buanna, spéiseanna, riachtanas agus pearsantachtaí.
Leagan dhigiteach ar fáil anseo : https://online.fliphtml5.com/lfbld/qsai/#p=6



Déan teagmháil linn ar eolas@oide.ie. agus leanaigí sinn ar @OidePrimGaeilge